C/2026/2618

7.5.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12357 — RUHR ENERGY / RUHR OEL / GELSENKIRCHEN RAFFINERIE NETZ)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2618)

1. An 27 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ruhr Energy, S.A. ('Ruhr Energy', an Eilvéis), atá faoi úinéireacht iomlán indíreach Klesch Group Limited ('Klesch', Málta),

— Ruhr Oel GmbH ('ROG', an Ghearmáin), atá faoi úinéireacht iomlán BP Europa SE ('BPESE', an Ghearmáin),

— Gelsenkirchen Raffinerie Netz GmbH ('GRN', an Ghearmáin), atá faoi lánúinéireacht BPESE.

Gheobhaidh Ruhr Energy rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ROG agus GRN ina n-iomláine, mar aon le sócmhainní gaolmhara áirithe ó BPESE.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Klesch gníomhach go príomha i scagadh amhola agus i ngnó na bpeitriceimiceán,

— Próiseálann ROG amhola agus ábhair eile ina scaglann ag Gelsenkirchen,

— Oibríonn GRN an eangach cumhachta leictrí dúnta a nascann scaglann Gelsenkirchen leis an eangach cumhachta tarchurtha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

CÁS M.12357 — RUHR ENERGY / RUHR OEL / GELSENKIRCHEN RAFFINERIE NETZ

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË